C/2023/789

9.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11232 — PETRONORD SCANDINAVIA / PS ENERGI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/789)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Petronord Scandinavia AB ('Petronord', an tSualainn), faoi rialú Marquard & Bahls AG (an Ghearmáin),

— PS Energi AB ('PS Energi', an tSualainn), faoi rialú comhpháirteach Petronord, Magnus Sjöö AB (an tSualainn) agus Linda Sjöö AB (an tSualainn).

Gheobhaidh Petronord urlámhas aonair ar PS Energi de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta shealbhaíochta é Petronord. Tá an grúpa gníomhach sa tSualainn i ndíol fuinnimh amhail ola téimh agus díosal le tomhaltóirí deiridh, dáileadh bealaí, oibriú stáisiún seirbhíse le haghaidh flíteanna trucailí tráchtála, agus trádáil millíní adhmaid agus cineálacha éagsúla gáis,

— Is cuideachta miondíola fuinneamh agus breosla é PS Energi a dhéanann gníomhaíochtaí sa tSualainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11232 — PETRONORD SCANDINAVIA / PS ENERGI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË